

Glór Cheatharlach

Scoil Samhraidh do dhaoine fásta i gCeatharlach

REACHTÁILEADH ócáid an-speisialta trí Ghaeilge i gCeatharlach le déanaí do dhaltaí ins na hardranganna i mbunscoileanna an cheantair. Spraoicheist

na hÉigse a bhí ann, eagraithe ag Gael Linn i gcomhar le Glór Cheatharlach, agus d'éirigh go hiontach leis an ócáid. Ghlach trí fhoireann

is daichead páirt sa Spraoicheist agus dob é sin an slua ba mhó riamh don ócáid bhliantúil. Bhí halla spóirt na Gaelscoile lán go béal don

ócáid. Tháingadar ag siúl, i gcarranna agus i mbusanna ó thrí scoil déag. Bhíodar ann ó Ghleann Uisean, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Scoil an Easboig Uí Fhoghlú, Beann na gCaorach, Tigh an Raoireann, Scoil Chailíní an Teaghlaigh Naofa, Scoil Naomh Bríd Mhuinebhéag, Gaelscoil Átha Í, Scoil Naomh Fiacc agus Diséart Diarmada, Scoil na Gráinsí, Scoil Bhuachaillí an Teaghlaigh Naofa agus Scoil Mhuire gan Smál. Bhí éagsúlacht an-mhaith de cheisteanna le freagairt bunaithe ar spóirt agus ceol, scannáin agus cláracha teilifíse, leabhair agus

eolas ginearálta. Niamh de Búrca thar cheann Gael Linn a bhí ag cur na gceisteanna agus bhí muintir Ghlor Cheatharlach i mbun marcála. Bhain cuid de na foirne scóranna an-ard amach. Bhí foirne ó Scoil Bhríd Mhuinebhéag agus Tigh an Raoireann ar chomhscór don cheathrú háit agus bhain trí fhoireann ó Ghaelscoil Cheatharlach na céad áiteanna amach. Bronnadh duaiseanna agus plaiceanna Gael Linn ar na foirne buachach. Chun clabhsúr a chur leis an ócáid chuir na daltaí ó Ghaelscoil Átha Í, Scoil Chailíní an Teaghlaigh Naofa, Gleann Uisean, Scoil Mhuire gan Smál agus Gaelscoil Cheatharlach taispeántas ceoil, damhsa agus amhránaíochta i láthair. Ghabh Niamh de Búrca buíochas leis na daltaí, leis na múinteoirí agus le bainistíocht



Foireann Ghaelscoil Cheatharlach a bhuigh Spraoicheist na hÉigse le Niamh de Búrca (Gael Linn) agus Emma Uí Bhroin (Glór Cheatharlach)

na Gaelscoile as a dtacaíocht do Spraoicheist Gael Linn atá anois mar cheann

de phríomh imeachtaí na mbunscoileanna ar chlár Fhéile na hÉigse i gCeatharlach.



Na buaiteoirí go léir ag Spraoicheist na hÉigse

Fonduireacht na Gaeilge teo

AG teacht ar shála na féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a reachtáladh i gCeatharlach ag an gCáisc, tá an baile roghnaithe mar ionad don Scoil Samhraidh nó Fóram Díospóireachta i Mí Iúil. Cuirfidh an Scoil béim ar an nGaeilge agus eacnamaíocht na tíre. Fonduireacht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Coiscéim agus Gael Linn atá ag eagrú agus ag maoiniú an Scoil Samhraidh a bheidh ar siúl ins an Ostán Seven Oaks ar an 13ú Iúil agus 14ú Iúil. 'Sé téama na deireadh seachtaine ná "Ag Cothú na Todhchaí: Forbairt na Tíre agus na teanga" agus cuirfear na léachtaí agus díospóireachtaí i láthair trí Ghaeilge agus beidh léacht amháin i bhFraincís. Déanfaidh an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, an Scoil Samhraidh a oscailt go hoifigiúil sa

Seven Oaks ar an Aoine, 13ú Iúil ag 8.00i.n. Ina dhiaidh sin cuirfidh Peadar Kirby, Ollamh Emeritus, Ollscoil Luimní, léacht i láthair dar teideal "Tábhacht na Gaeilge i bhforbairt na tíre: Ag tabhairt aghaidh ar bhunlaigí agus ar bhundushláin ár staire". Críochnaigh an Aoine le seisiún ceoil agus amhránaíochta san ostán. Tá clár iomlán eagraithe don Satharn, 14ú Iúil le léachtaí, seimineáir agus díospóireachtaí. Labharfaidh Bríona Nic Dhiarmada, Ollscoil Notre Dame, SAM faoi an Ghaeilge ar an scáileán agus beidh Fionnbarra Ó Brolcháin agus Theo Dorgan ag meabhrú na todhchaí. I measc na gcainteoirí aitheanta eile ar an gclár tá Dan O'Brien, eagarthóir eacnamaíochta an Irish Times agus Arthur Beesley, comhfhreagraí an Irish Times sa



Bhrúisil. Labharfaidh Des Geraghty faoin teideal "Margaí ar Mire" agus tabharfaidh Daniel Innerarity ó San Sebastian léacht i bhFraincís ach beidh aistriúchán go Gaeilge ar fáil. Tá gach eolas faoin Scoil Samhraidh ar fáil ar an suíomh idirlín www.fnag.ie agus is féidir clárú ar líne chomh maith le lóistín a chur in áirithe. 'Sé táille iomlán na Scoile ná €15. Ní gá do mhicléinn

lán-aimseartha an táille a íoc ach iarrtar orthu clárú roimhré agus lorgófar cártaí mac léinn ag an doras. Ní gá freastal ar gach uile chuid den Fhóram ar ndóigh. Le Dinnéar na Scoile agus seisiún ceoil eile ar oíche Shathairn cuirfear clabhsúr leis an gcéad Scoil Samhraidh Gaeilge i gCeatharlach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó oifig Ghlor Cheatharlach ar 059 9158105 nó 087 2857048.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
 Sráid an Choláiste, Ceatharlach
 (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie
 Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Sports day in Annacurra

THE annual sports and field day will be held in Annacurra sports field on Sunday 24 June at 2pm. All the usual activities will take place. A raffle will also be held, please support.
HAPPY BIRTHDAY

We salute and wish a happy 100th birthday to Ann Dunne, Glen Road, Aughrim, in July. Invites for the party in the local hotel have already been sent. Ann was former housekeeper to the late Fr Jerry O'Brien, PP.

Aughrim

CONTACT: NED MURPHY
 PHONE/FAX: 0402 36433

graves.
GET WELL SOON
 Joe O'Toole, publican, Main Street, Aughrim, is wished a speedy recovery to full health after being hospitalised recently.

PATTERN MASS
 15 July is the date for the Pattern and Mass in St Brigid's, Annacurra Cemetery at 7.30pm and now is the time to tidy and clean up loved one's

SILAGE PLASTICS ONLY €15* PER 1/2 TONNE
* with label code on proof of purchase

FARM PLASTICS BRING CENTRES

Carlow Bring Centres

Carlow, Thompsons, Newacre, Athy Rd	5th July
Fennagh, ProDig Attachments, Newtown	7th July
Borris Mart	12th July
Tullow, Tom Nolan, Knocklow House (on Shillelagh Rd)	14th July
Hours (unless stated)	9am-5pm

+ =

OTHERWISE IT'S €85

WE ALSO TAKE:

Small Fertiliser & Feed Bags + Bulk Liners

Bulk Fertiliser Bags

Drums

Netting & Twine

Drums must be triple rinsed
 Liners must be removed from bulk fertiliser bags

- Purchase price of bag: €7 RRP
- Fee per bag at bring-centre: €40
- Capacities (approx.): 500 small fertiliser bags, 80 bulk bags, 80 medium sized containers

www.farmplastics.ie 1890 300 444